Formerly Kantar Public

# Verian | Achoimre fheidhmeach ar an tuarascáil maidir le roghanna an phobail do théamaí nua nótaí bainc euro

**29 Samhain 2023**



Taighde neamhspleách arna choimisiúnú ag an mBanc Ceannais Eorpach

verian
Formerly Kantar Public

# Achoimre Fheidhmeach

Mar chuid den phróiseas chun nótaí bainc euro a athdhearadh, d'iarr an Banc Ceannais Eorpach (BCE) ar dhaoine sa limistéar euro a roghanna a chur in iúl maidir leis na seacht dtéama seo a leanas a mhol Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh: "Éin: saor, seasmhach, spreagúil", "Cultúr na hEorpa", "Luachanna Eorpacha ar aon dul leis an dúlra", "Is leatsa an todhchaí", "Lámha: as lámha a chéile a thógaimid an Eoraip", "An Eoraip sin againne, sinn féin" agus "Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip".

Choimisiúnaigh BCE Kantar Public[1], cuideachta taighde neamhspleách, chun suirbhé a dhéanamh (ar a dtugtar "suirbhé Kantar Public" sa tuarascáil seo). Ba é an aidhm a bhí leis sin a chinntiú go ndearnadh ionadaíocht chothrom ar thuairimí na ndaoine ar fud thíortha uile an limistéir euro agus ar fud inscní agus aoisghrúpaí éagsúla. Sa suirbhé seo, a rinneadh idir an 20 Meitheamh agus an 7 Lúnasa 2023, cuireadh sampla ionadaíoch de 23,377 freagróir faoi agallamh i 20 tír an limistéir euro agus sa Bhulgáir (an chéad tír eile atá ar a bealach chun an euro a ghlacadh).

Chun deis a thabhairt do gach Eorpach páirt a ghlacadh sa phróiseas, seoladh suirbhé pobail ar líne ina n-úsáidtear an ceistneoir céanna (dá dtagraítear sa tuarascáil seo mar "suirbhé ar líne BCE") in éineacht le Suirbhé Kantar Public. Fuarthas tuairim is 376,000 freagra bailí ar an suirbhé seo idir an 10 Iúil agus an 31 Lúnasa 2023. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil torthaí shuirbhé ar líne BCE ionadaíoch ó thaobh daonra an limistéir euro de. Mar shampla, i measc na ndaoine a d'fhreagair suirbhé ar líne BCE, bhí claonadh suntasach ann i leith roinnt tíortha agus i leith freagróirí óga fir a raibh oideachas maith orthu. Cé go ndearnadh na torthaí a ualú chun iad a cheartú i gcás cuid den chlaontacht sin, ní féidir torthaí shuirbhé ar líne BCE a eachtarshuí go hiontaofa chun tuairimí mhuintir an limistéir euro a léiriú. Mar sin féin, tugann suirbhé ar líne BCE peirspictíocht bhreise úsáideach agus léargas breise ar roghanna an phobail. Deis mhaith a bhí ann freisin dul i dteagmháil le saoránaigh na hEorpa agus tharraing sé aird ar an bpróiseas athdheartha.

## Príomhthorthaí ó shuirbhé Kantar Public

Is iad seo a leanas na trí théama a aithníodh mar na téamaí ab fhearr leis an bpobal i suirbhé Kantar Public:

- "Cultúr na hEorpa" (an téama ab fhearr le 21% de shaoránaigh an limistéir euro)
- ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' (an téama ab fhearr le 18% de shaoránaigh an limistéir euro)
- "Éin: saor, seasmhach, spreagúil" (an téama ab fhearr le 17% de shaoránaigh an limistéir euro)

Tá tóir i bhfad níos lú ar na ceithre théama eile . Ní dúirt ach 13% agus 12% de shaoránaigh an limistéir euro gur fearr leo na téamaí "Luachanna Eorpacha ar aon dul leis an dúlra'' agus ""Lámha: as lámha a chéile a thógaimid an Eoraip'' faoi seach. Idir an dá linn, is iad "Is mise an todhchaí" agus "Ár nEoraip, sinn féin" na téamaí is lú tóra, agus 10% agus 9% de

[1] D'athraigh Kantar Public go Verian ar an 9 Samhain 2023. Rinneadh an suirbhé don Bhanc Ceannais Eorpach i samhradh 2023, tráth a raibh "Kantar Public" á thabhairt ar Verian go fóill. Dá bhrí sin, tagraíonn gach tagairt do "suirbhé Kantar Public" sa tuarascáil seo don suirbhé atá á reáchtáil ag Verian (ar a dtugtaí Kantar Public roimhe seo).

shaoránaigh an limistéir euro á rátáil faoi seach mar an rogha is fearr leo do na nótaí bainc euro a bheidh ann amach anseo.

Is é "Cultúr na hEorpa" an téama is mó tóra in 12 thír as na 20 tír sa limistéar euro, agus sa Bhulgáir chomh maith. Go sonrach, is é an téama is mó a bhfuil tóir air i sé thír de chuid an limistéir euro agus roinneann sé an chéad áit le ceann den dá théama seo i sé thír, ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' nó "Éin: saor, seasmhach, spreagúil''.

Léiríonn anailís ar shuirbhé Kantar Public nach bhfuil ach éagsúlachtaí beaga i roghanna téama de réir inscne agus aoise ó thaobh na sochdhéimeagrafaí de. Is é "Cultúr na hEorpa" an téama is fearr le gach inscne agus aoisghrúpa. Is mó de bheagán líon na bhfear (21%) arbh fhearr leo an téama seo ná líon na mban (20%). Is mó de bheagán an tóir a bhí ar ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' i measc na mban (19%) ná i measc na bhfear (18%). Mar sin féin, bhí líon na mban (19%) a thug a gcéad rogha den téama ''Éin: saor, seasmhach, spreagúil'' níos airde ná líon na bhfear (16%) a thug a gcéad rogha den téama céanna.

Léiríonn anailís de réir aoise gur fearr le 22% díobh siúd atá 65 bliain d'aois nó níos sine "cultúr na hEorpa", i gcomparáid le 18% san aoisghrúpa 16-24 bliain d'aois, agus tá na céatadáin do na haoisghrúpaí idir eatarthu áit éigin sa lár. Is mó de bheagán an tóir atá ar an téama ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' i measc na ndaoine atá 40 bliain d'aois agus níos sine (18-20%) ná mar a bhí i measc na ndaoine faoi bhun 40 bliain d'aois (16-17%). Tá claonadh den chineál céanna le feiceáil leis an téama "Éin: saor, seasmhach, spreagúil'', a bhfuil tóir níos mó air i measc na ndaoine atá 25 bliain d'aois nó níos sine (17-18%) ná mar atá i measc an aoisghrúpa is óige (15%).

Bíonn tionchar ag leibhéil oideachais ar roghanna téama. Is é ''Cultúr na hEorpa'' an téama is fearr le 15% de na freagróirí a bhfuil bunoideachas acu, agus is é is fearr le 26% dóibh siúd a bhfuil PhD nó a chomhionann acu. Iad siúd a bhfuil ardoideachas orthu, tá claonadh níos mó acu i dtreo an téama seo, cé go bhfuil na roghanna i measc an daonra a bhfuil oideachas níos bunúsaí orthu scaipthe thar théamaí éagsúla. I measc na bhfreagróirí nach bhfuil ach bunoideachas orthu, is é ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' céad rogha 19% díobh, chun tosaigh ar ''Cultúr na hEorpa'' arb é céad rogha 15% díobh é. Is iad seo na roghanna is fearr le freagróirí a bhfuil oideachas iar-mheánscoile orthu: ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip" (19%) agus ''Cultúr na hEorpa" (19% freisin) beagán chun cinn ar an téama ''Éin: saor, seasmhach, spreagúil'' (18%).

Cé go bhfaigheann ''Cultúr na hEorpa" agus ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' tacaíocht chomhsheasmhach i suirbhé Kantar Public, tá na torthaí maidir le ''Éin: saor, seasmhach, spreagúil'' measctha, rud a fhágann gur téama níos deighiltí é. Taitníonn sé go mór le 29% den daonra, rud a fhágann díreach ar chúl an dá cheann eile é (taitníonn ''Cultúr na hEorpa'' go mór le 33% agus taitníonn ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' go mór le 30%). Mar sin féin, níl sé ach sa chúigiú háit sa chatagóir "is maith liom é" (32 %). Tá a ráta ''ní maith liom é'' (15%) níos airde ná an ráta a bhaineann le "Cultúr na hEorpa" (9%) agus "Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip" (11%).

## Príomhthorthaí ó shuirbhé ar líne BCE

Ag féachaint ar thorthaí shuirbhé ar líne BCE, is ionann na trí théama is mó tóra ann agus cinn suirbhé Kantar Public, ach go bhfuil siad in ord difriúil. Tugann torthaí shuirbhé ar líne BCE le fios gurb iad seo a leanas na téamaí is fearr le freagróirí an limistéir euro:

- "Éin: saor, seasmhach, spreagúil" (34%),
- "Cultúr na hEorpa" (23%)
- "Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip" (16%).

Tá tóir i bhfad níos lú ar na ceithre théama eile. Is é "Luachanna Eorpacha ar aon dul leis an dúlra" an rogha is fearr le 10% de na freagróirí sa limistéar euro. Idir an dá linn, 8%, 6% agus 5% den daonra a luaigh gurb iad na téamaí ''Is leatsa an todhchaí", "Lámha: as lámha a chéile a thógaimid an Eoraip"' agus ''An Eoraip sin againne, sinn féin'' na roghanna ab fhearr leo le haghaidh nótaí bainc euro a bheidh ann amach anseo faoi seach.

Léiríonn torthaí shuirbhé ar líne BCE gurb é an téama ''Éin: saor, seasmhach, spreagúil'' an téama is mó a bhfuil tóir air in 16 thír as na 20 tír atá sa limistéar euro. Is é "Cultúr na hEorpa" an téama is mó a bhfuil tóir air sna ceithre thír eile sa limistéar euro agus sa Bhulgáir.

Léiríonn torthaí an tsuirbhé freisin gurb é ''Éin: saor, seasmhach, spreagúil'' an téama is fearr le gach inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais. Is mó ban ná fear a deir gur fearr leo an téama seo (36% in aghaidh 30%). Cosúil le suirbhé Kantar Public, laghdaíonn an tóir a bhí ar an téama de réir leibhéal oideachais na bhfreagróirí.

De réir shuirbhé ar líne BCE, taitníonn an téama ''Éin: saor, seasmhach, spreagúil'' go mór le breis agus leath den daonra (51%), agus taitníonn ''Cultúr na hEorpa'' agus ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' go mór le sciar mór de mhuintir na hEorpa freisin (39% agus 31% faoi seach). Tá sciar na ndaoine nach maith leo ''Éin: saor, seasmhach, spreagúil" ar chor ar bith beagán níos mó (9%) ná na sciaranna comhfhreagracha le haghaidh ''Cultúr na hEorpa'' agus ''Aibhneacha: uiscí na beatha san Eoraip'' (8% araon). Tá sciaranna na nEorpach nach maith leo na téamaí eile ar chor ar bith i bhfad níos mó. Go ginearálta, tá tuairimí na bhfreagróirí níos éagsúla ná na tuairimí a cuireadh in iúl i suirbhé Kantar Public.